Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9102/22**

**ENV 434**
**MI 391**
**DELACT 82**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3040 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.5.2022 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i gcáblaí agus sreanga forsheoltacha ocsaíd chopair chailciam strointiam biosmait agus luaidhe ina naisc leictreacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3040 final.

Faoi iamh: C(2022) 3040 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2022
C(2022) 3040 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2022**

**lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i gcáblaí agus sreanga forsheoltacha ocsaíd chopair chailciam strointiam biosmait agus luaidhe ina naisc leictreacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an Treoir Tharmligthe seo ón gCoimisiún, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ('Treoir RoHS')[1] a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh feidhmeanna sonracha ina bhfuil luaidhe.

Le hAirteagal 4 de Threoir RoHS, cuirtear srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (TLL). Faoi láthair, tá 10 substaint srianta agus liostaítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir: luaidhe, mearcair, caidmiam, cróimiam heicsifhiúsach, défheinilí polabróimínithe (PBB), éitir dhéfheiníle pholabróimínithe (PBDE), bios(2-eitilheicsil)taláit (DEHP), taláit bhúitilbeinsile (BBP), taláit débhúitile (DBP) agus taláit dé-iseabúitile (DIBP).

Liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Treoir RoHS ábhair agus comhpháirteanna TLL le haghaidh feidhmeanna sonracha atá díolmhaithe ó na srianta ar shubstaintí in Airteagal 4(1) den Treoir. Foráiltear in Airteagal 5 maidir le hIarscríbhínní III agus IV a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil (maidir le díolúintí a dheonú, a athnuachan agus a chúlghairm). Faoi Airteagal 5(1)(a), níltear le díolúintí a áireamh in Iarscríbhinní III agus IV ach amháin mura lagóidh an t-áireamh sin an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH)[2] agus má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

– is dodhéanta go heolaíoch nó go teicniúil an tsubstaint a dhíothú nó a ionadú trí athruithe ar an dearadh, nó trí ábhair agus comhpháirteanna nach bhfuil aon cheann de na hábhair nó na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II ag teastáil lena n-aghaidh;
– ní áirithítear iontaofacht na n-ionadach;
– is dócha gur mó tionchair dhiúltacha iomlána an ionadaithe don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra ná na tairbhí iomlána don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra.

Ní mór infhaighteacht na n-ionadach agus tionchar socheacnamaíoch an ionadaithe a chur san áireamh sna cinntí maidir le díolúintí, agus fad na ndíolúintí sin. Ní mór aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an nuálaíocht a chur san áireamh sna cinntí maidir le fad na ndíolúintí. Ní mór smaointeoireacht saolré ar thionchar foriomlán na díolúine a bheith i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha.

Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Threoir RoHS go gcuirfidh an Coimisiún ábhair agus comhpháirteanna TLL le haghaidh feidhmeanna sonracha san áireamh sna liostaí atá in Iarscríbhinní III agus IV trí bhíthin gníomhartha tarmligthe aonair de bhun Airteagal 20. Le hAirteagal 5(3) agus Iarscríbhinn V, bunaítear an nós imeachta maidir le hiarratais a chur isteach ar dhíolúine.

---

[1] IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Faigheann an Coimisiún líon iarrataí ó oibreoirí eacnamaíocha chun díolúintí a dheonú nó a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 5(3) agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir RoHS[3].

An 25 Márta 2019, fuair an Coimisiún iarratas amháin ar iontráil nua in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir RoHS. Baineann an díolúine a iarradh le húsáid luaidhe in ábhar forsheoltach agus leis na naisc leictreacha ábhartha i bhfeistí sonracha.

I mí Lúnasa 2019, sheol an Coimisiún staidéar[4] chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a raibh an díolúine nua seo á cur i bhfeidhm agus chun an measúnú teicniúil agus eolaíoch is gá a dhéanamh. Críochnaíodh an staidéar, a raibh comhairliúchán poiblí 8 seachtaine leis na páirtithe leasmhara mar chuid de, i mí Iúil 2020. Cuireadh faisnéis maidir leis an gcomhairliúchán ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail[5], ach ní bhfuarthas aighneacht ar bith mar fhreagairt don chomhairliúchán.

An 23 Feabhra 2021, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le grúpa saineolaithe na mBallstát maidir le gníomhartha tarmligthe faoi Threoir RoHS. D'aontaigh roinnt saineolaithe leis na dréachtaí a cuireadh i láthair, agus níor thug a lán saineolaithe barúil ar bith. Rinne an Coimisiún gach céim nós imeachta is gá a bhaineann le díolúintí ó na srianta ar shubstaintí faoi Airteagal 5(3) go hAirteagal 5(7)[6], agus tugadh fógra don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa faoi gach gníomhaíocht sa chomhthéacs sin.

Sa tuarascáil mheasúnachta teicniúla agus eolaíche cuireadh an méid seo a leanas i dtábhacht:

- Is féidir luaidhe a chur le hábhar ocsaíd chopair chailciam strointiam biosmait (BSCCO atá dópáilte le luaidhe). Is féidir an t-ábhar sin a úsáid i gcomhpháirteanna forsheoltacha amhail cáblaí agus sreanga, rudaí a chruthaíonn ciorcad leictreachmaighnéadach le haghaidh feistí leighis nó ionstraimí rialúcháin agus monatóireachta (tionsclaíocha) (e.g. feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh nó speictriméadair athshondais mhaighnéadaigh núicléach (AMN)). Úsáidtear sádar stánluaidhe chun na comhpháirteanna forsheoltacha sin a nascadh.
- Tugtar buntáistí teicniúla agus feidhmiúla nuair a chuirtear luaidhe le BSCCO amhail réimsí maighnéadacha níos láidre agus teocht chriticiúil níos airde, rudaí nach féidir a bhaint amach gan luaidhe a úsáid.
- Maidir leis na naisc, níl ábhar ar bith eile ar fáil de mhalairt ar shádar stánluaidhe leis na hairíonna iontaofa céanna (e.g. insínteacht leordhóthanach agus friotachas leictreach íseal ag teochtaí ísle).
- Níl díothú ná ionadú luaidhe indéanta go heolaíoch ná go teicniúil gan feidhmíocht a chailliúint. Níl ionadú ná díothú luaidhe san ábhar forsheoltach agus sna sádair lena mbaineann indéanta go heolaíoch ná go teicniúil faoi láthair agus ní mheasfar go mbeidh sé indéanta go heolaíoch nó go teicniúil sa todhchaí is intuartha.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh íomhánna níos mine le haghaidh diagnóis leighis nó taighde agus nuálaíocht mar thoradh ar na buntáistí teicniúla agus feidhmiúla, agus tá

[3] Tá an liosta le fáil ag http://ec.europa.eu/environment/waste/rohs_eee/adaptation_en.htm.

[4] Tá an tuarascáil chríochnaitheach ón staidéar le fáil ag https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/f44f2383-dd0a-11ea-adf7-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-146144383.

[5] An tréimhse chomhairliúcháin: An 3 Nollaig 2019 go dtí an 27 Eanáir 2020 (https://rohs.exemptions.oeko.info/).

[6] Tá liosta de na céimeanna riaracháin is gá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Is féidir féachaint ar an gcéim reatha den nós imeachta maidir le gach dréachtghníomh tarmligthe i gClárlann Idirinstitiúideach na nGníomhartha Tarmligthe ag https://webgate.ec.europa.eu/regdel/#/home.

oibriú cobhsaí AMN nó íomháithe athshondais mhaighnéadaigh mar thoradh orthu. Measfar gurb é 15,5 kg in aghaidh na bliana an méid luaidhe iomlán a chuirfear ar an margadh.

- Is dócha go n-úsáidfear BSCCO atá dópáilte le luaidhe le haghaidh láidreachtaí réimsí maighnéadacha níos láidre, ach is féidir teicneolaíocht saor ó luaidhe a úsáid chun láidreachtaí réimsí maighnéadacha níos ísle a ghineadh maidir le coinníollacha nach bhfuil chomh dian céanna. Níl sé comhchuimseach na láidreachtaí réimsí níos ísle a eisiamh ó raon na díolúine, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh teorainn le nuálaíocht BSCCO (e.g. feistí níos lú) atá dópáilte in luaidhe agus leis na roghanna malartacha sna láidreachtaí réimsí níos ísle atá fabhrach go heacnamaíoch.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Léirítear i dtorthaí na meastóireachta nach lagóidh deonú na díolúine an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar le Rialachán REACH, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2011/65/AE.

Comhlíontar critéar amháin de na critéir ábhartha a shonraítear in Airteagal 5(1)(a), eadhon go bhfuil 'díothú nó ionadú trí athruithe ar an dearadh, nó trí ábhair agus chomhpháirteanna nach bhfuil aon cheann de na hábhair nó substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II ag teastáil lena n-aghaidh, dodhéanta go heolaíoch nó go teicniúil'.

Dá bhrí sin, tá an díolúine le deonú agus dáta éaga le socrú.

Leis an ngníomh atá beartaithe deonaítear díolúine ón srian ar shubstaintí in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, atá le liostú in Iarscríbhinn IV, maidir le luaidhe a úsáid i gcáblaí agus sreanga forsheoltacha BSCCO agus sna naisc leictreacha lena mbaineann.

Ós rud é nach measfar go mbeidh ionadaithe ar bith iontaofa go gairid amach anseo, is iomchuí an díolúine a dheonú go dtí an 30 Meitheamh 2027. Ní mheastar go mbeidh drochthionchair ag an tréimhse bhailíochta a dheonófar ar an nuálaíocht.

Is treoir tharmligthe í an ionstraim dlí, dá bhforáiltear i dTreoir 2011/65/AE, agus lena gcomhlíontar ceanglais ábhartha Airteagal 5(1)(a) den Treoir.

Is é is cuspóir don treoir tharmligthe cuidiú le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus na forálacha maidir le feidhmiú an mhargaidh aonair i réimse TLL a chomhchuibhiú, trí úsáid substaintí a bhfuil toirmeasc orthu seachas sin a cheadú maidir le feidhmeanna sonracha, i gcomhréir le Treoir RoHS agus an nós imeachta a bhunaítear inti chun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Níl aon impleacht ag an treoir tharmligthe maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2022**

**lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i gcáblaí agus sreanga forsheoltacha ocsaíd chopair chailciam strointiam biosmait agus luaidhe ina naisc leictreacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach[1], agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2011/65/AE ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na substaintí guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin i dtrealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh. Ní bhaineann an srian sin le feidhmeanna díolmhaithe áirithe a bhaineann go sonrach le feistí leighis agus uirlisí monatóireachta agus rialúcháin agus a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Liostaítear catagóirí TLL a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/65/AE ina leith in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Is substaint é luaidhe a bhfuil srian air agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

(4) An 25 Márta 2019, fuair an Coimisiún iarratas arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Threoir 2011/65/AE maidir le díolúine a liostú in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, i leith úsáid luaidhe i bhforsheoltóir ocsaíd chopair chailciam strointiam biosmait lena húsáid i gcáblaí agus sreanga agus luaidhe i naisc leictreacha ábhartha le comhpháirteanna TLL eile (‘an díolúine a iarradh’). Is féidir BSCCO atá dópáilte le luaidhe a úsáid chun ciorcaid mhaighnéadacha fhorsheoltacha a chruthú i gcomhair feistí leighis agus ionstraimí rialúcháin agus monatóireachta.

(5) Mar chuid den mheastóireacht ar an iarraidh ar dhíolúine, rinneadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE. Cuireadh na barúlacha a fuarthas le linn na gcomhairliúchán sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.

(6) Úsáidtear sádair a bhfuil luaidhe iontu chun cáblaí agus sreanga forsheoltacha a nascadh le comhpháirteanna TLL eile. Faoi láthair níl rogha malartach saor ó luaidhe ar fáil ar an margadh a thabharfadh leibhéal leordhóthanach iontaofachta maidir le

[1] IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.

feidhmeanna ina bhfuil gá le hairíonna amhail insínteacht agus friotachas leictreach íseal ag teochtaí ísle.

(7) Maidir le meastóireacht na díolúine a iarradh, inar áiríodh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch[2], ba é a conclúid go dtugtar buntáistí teicniúla agus feidhmiúla le luaidhe a chur le BSCCO nach dtugtar gan luaidhe a úsáid. Íomhánna níos mine le haghaidh diagnóis leighis nó le haghaidh taighde agus nuálaíochta, agus modh oibrithe níos cobhsaí le haghaidh na feidhmeanna ábhartha, is iad sin na buntáistí teicniúla agus feidhmiúla. Is féidir trealamh níos éifeachtúla agus iontaofa a tháirgeadh le luaidhe a chur le BSCCO, rud a théann chun tairbhe don chúram sláinte agus don nuálaíocht.

(8) Tá sé dodhéanta faoi láthair luaidhe a ionadú nó a dhíothú san ábhar forsheoltach agus sna sádair bhainteacha a bhfuil an fheidhmíocht theicniúil chéanna acu, agus ní mheasfar go mbeidh sé indéanta sa todhchaí is intuartha. Tá an díolúine a iarradh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], agus ní lagaítear an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar léi.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, an díolúine a iarradh a dheonú.

(10) D'fhéadfadh sé go mbeadh acmhainneacht ag na buntáistí teicniúla maidir le hábhar BSCCO atá dópáilte le luaidhe chun feabhsuithe agus nuálaíocht a spreagadh sa diagnóisic leighis agus sa taighde. Ní dócha go mbeidh drochthionchair ag fad thréimhse na díolúine ar an nuálaíocht. Dá bhrí sin, is iomchuí an díolúine a dheonú ar feadh tréimhse bhailíochta fhada, i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2011/65/AE.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/65/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: an lá deireanach den chúigiú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

---

[2] Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar sheacht n-iarratas ar dhíolúine a bhaineann le hIarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: an lá deireanach den chúigiú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo + 1 lá].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.5.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*